



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 24 Feabhra 2017
(OR. en)

**Comhad Idirinstiúideach:
2017/0043 (COD)**

**6575/17
ADD 2**

**PECHE 68
CODEC 248
IA 32**

TOGRA

ó:	Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	24 Feabhra 2017
chuig:	Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	SWD(2017) 63 final
Ábhar:	DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR a ghabhann leis an doiciméad TOGRA LE HAGHAIDH RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear plean ilbhliantúil do stoic peiligeach beag i Muir Aidriad agus do na hiascaigh a shaothraíonn na stoic sin

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2017) 63 final.

Faoi iamh: SWD(2017) 63 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 24.2.2017
SWD(2017) 63 final

DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN

ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR

a ghabhann leis an doiciméad

**TOGRA LE HAGHAIDH RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN
gCOMHAIRLE**

**lena mbunaítear plean ilbhliantúil do stoic peiligeach beag i Muir Aidriad agus do na
hiascaigh a shaothraíonn na stoic sin**

{COM(2017) 97 final}
{SWD(2017) 64 final}

Measúnú tionchair ar thogra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear plean ilbhliantúil do na stoic peiligeach beag agus dá n-iascaigh i Muir Aidriad

A. An gá atá le beart

1. Cúlra

Tá dhá fhadhb phríomha ann a bhaineann le héisc pheiligeacha bheaga (ainseabhaithe agus sairdíní) i Muir Aidriad:

1) déantar ró-iascaireacht orthu go mór de bharr róthuilleadh cabhlaigh, tosca comhshaoil (atá lasmuigh de raon feidhme an togra seo) agus bearta bainistíochta neamhleora;

2) is neamhéifeachtach atá an creat rialachais de bharr na mbearta bainistíochta neamhleora (a chuireann teorainn leis an iarracht iascaireachta, rud nach n-oiriúnaítear do shaintréithe na n-iasc sin ná do shaintréithe an iascaigh) agus de bharr chastacht agus éagobhsaíocht na rialacha reatha.

Mura n-athraítear an scéal, beidh riosca ann go dtitfidh na stoic agus na hiascaigh a bhíonn ag brath orthu as a chéile. Beidh drochthionchar aige sin ar éisc chreice a itheann ainseabhaithe agus sairdíní. Ina theannta sin, beidh drochthionchar socheacnamaíoch aige ar an earnáil iascaigh agus ar earnálacha tánaisteacha amhail an tionscal próiseála. Is iad na hearnálacha iascaigh sa Chróit agus san Iodáil na páirtithe leasmhara ar a mbeidh an tionchar is mó. Beidh tionchar i bhfad níos lú ná sin ann ar na hearnálacha iascaigh sa tSlóivéin freisin. Mórearnáil tánaisteach is ea an earnáil próiseála, go háirithe sa Chróit agus san Iodáil.

2. Cuspóirí agus breisluach an tionscnaimh

Is iad seo a leanas cuspóirí an togra seo:

- uastáirgeacht inbhuanaithe a bhaint amach agus a choinneáil le haghaidh ainseabhaithe agus sairdíní faoin mbliain 2020 ar a dhéanaí;
- earnáil iascaigh inbhuanaithe a bhaint amach; creat bainistíochta éifeachtach atá níos simplí agus níos cobhsaí a chur ar fáil;
- tuilleadh úinéireachta a sholáthar do pháirtithe leasmhara; agus
- cur chun feidhme na hoibleagáide gabhálacha a thabhairt i dtír a éascú.

Meastar go n-áiritheofar leis an togra seo athbhunú na stoc ainseabhaithe agus sairdíní faoin mbliain 2020 agus gurb inbhuanaithe a bheidh an earnáil iascaigh, áit a mbeidh tuarastal níos fearr ag iascairí (méadú 4 % ar an meán) agus brabúsacht mhéadaithe don earnáil iascaireachta (méadú 8 % ar an meán).

Ós rud é go ngluaiseann stoic ainseabhaithe agus sairdíní agus na soithí iascaireachta lena mbaineann go saor thar teorainneacha idirnáisiúnta, ní dóigh go n-éireoidh le gníomhaíocht ar leibhéal an Bhallstáit aonair na cuspóirí thuasluaite a bhaint amach. Má tá na bearta chun bheith éifeachtach, ba cheart iad a dhéanamh ar bhealach comhordaithe agus ba cheart feidhm a bheith acu maidir le limistéar iomlán dháileadh an stoic agus maidir leis na cabhlaigh uile lena mbaineann.

B. Réitigh

Áiríodh na nithe seo a leanas leis na roghanna beartais a breithníodh sa mheasúnú tionchair seo:

- ionstraimí neamhrechtacha a úsáid (an reachtaíocht bhog);
- an status quo a choinneáil mar chás bonnlíne;
- Rialachán de chuid AE a fhorbairt d'fhonn go mbeidh stoic á n-iascach go hinbhuanaithe faoin mbliain 2018 nó faoin mbliain 2020 (dhá fho-rogha); agus
- an creat reatha bainistíochta a leasú (reachtaíocht náisiúnta agus idirnáisiúnta).

Is é an **rogha thosaíochta a bheartaítear** Rialachán de chuid AE a fhorbairt lena leagtar 2020 síos mar spriocdháta toisc go gcomhlíontar gach ceann de na cuspóirí thuasluaite leis.

Níor mheas ceann ar bith de na páirtithe leasmhara a ndeachthas i gcomhairle leo gur rogha indéanta í an reachtaíocht bhog. Níor mheas ach páirtí leasmhar amháin gur leor an creat reatha. Mheas na freagraithe go léir, seachas Málta, nár leor an creat reatha a leasú. An Chomhairle Chomhairleach don Mheánmhuir (a chuimsíonn ionadaithe don earnáil tionsclaíochta agus don tsochaí shibhialta), eagraíochtaí neamhrialtasacha, údaráis phoiblí, institiúidí eolaíochta, an Chróit, an Iodáil agus an tSlóivéin, tá siad go léir i bhfách le Rialachán de chuid AE a fhorbairt agus tá siad go mór i bhfabhar na fo-rogha '2020'.

C. Tionchar na rogha tosaíochta

Maidir le **tairbhí na rogha tosaíochta**, ba é an príomhthairbhe comhshaoil go mbeifí ag iascach ainseabhaithe agus sairdíní go hinbhuanaithe faoin mbliain 2020, tar éis an róshaothraithe atá ar siúl le blianta móra anuas, agus go mbeadh an earnáil iascaireachta níos folláine agus inbhuanaithe. Ina theannta sin, bheadh an creat reatha bainistíochta níos simplí, níos cobhsaí agus níos trédhearcaí agus thabharfaí tuilleadh úinéireachta do na Ballstáit agus do na hiascairí leis mar go bhféadfadh go mbeadh baint acu le roinnt de na rialacha bainistíochta a dhearadh. Is dóigh freisin go rachaidh an méadú ar líon na sairdíní agus na n-ainseabhaithe chun tairbhe do chreachadóirí móra tábhachtacha amhail an tuinnín gorm.

Is dóigh go mbeidh stoic fheabhsaithe (méadú de thart ar 20 % i gcomparáid leis an status quo) agus coinníollacha oibre níos fearr d'iascairí ann (méadú de níos mó nó níos lú ná 5 % i dtuarastal agus méadú de níos mó nó níos lú ná 10 % i mbrabúsacht) faoin mbliain 2021 má ghlactar plean ilbhliantúil de chuid AE.

Maidir le **costais na rogha tosaíochta**, meastar gurb amhlaidh, faoin mbliain 2021, go mbeadh sé riachtanach gabhálacha ainseabhaithe agus sairdíní a laghdú (níos mó nó níos lú ná 25-30 %), rud as a dtiocfadh ioncam iomlán níos lú don earnáil iascaireachta (níos mó nó níos lú ná 25 %) agus laghdú i bhfostaíocht (níos mó nó níos lú ná 10 %), chun a áirithiú go mbeifí in ann leibhéil iascaireachta a chothabháil san fhadtéarma agus go mbeadh an earnáil iascaireachta inbhuanaithe agus brabúsach. Baineann sé sin leis an gCróit, leis an Iodáil agus, go pointe níos lú, le hiascairí sa tSlóivéin atá ag iascaireacht le báid peas-saighneoireachta nó le trálair peiligeach. De réir mar a laghdaíonn gabhálacha, is dóigh go méadóidh praghsanna an chéad díola, rud lena bhféadfaí ioncam laghdaithe na hearnála iascaireachta, arbh é laghdú i ngabhálacha ba chúis leis, a chúiteamh go pointe. Mar sin féin, bheadh tionchar diúltach aige sin ar thomhaltóirí agus ar an earnáil próiseála (go háirithe sa Chróit agus san Iodáil), agus d'féadfadh sé go mbeadh orthu allmhairí ó thíortha eile a mhéadú.

Maidir leis an **tionchar ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide**, tugtar faoi deara go bhfuil an comhbheartas iascaigh ina bheartas atá dírithe go sonrach ar fhreastal ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide, atá an-choitianta ar fud na hearnála iascaireachta. I gcás na n-iascach ainseabhaithe agus sairdíní i Muir Aidriad, is micrifhiontair nó fiontair bheaga agus mheánmhéide atá i ngach gnólacht iascaireachta, beagnach, agus i bhformhór mór na gcuideachtaí san earnáil próiseála. Dá bhri

sin, níl aon fhorais ann chun iad a choinneáil amach as raon feidhme an togra seo ar bhonn a méide. Dá ndéanfaí amhlaidh, b'eisiata a bheadh formhór mór na hearnála, rud a d'fhágfadh an togra seo neamhéifeachtach. Mar sin, bheadh feidhm ag plean ilbhliantúil an Aontais Eorpaigh maidir le gach gnólacht, lena n-áirítear fiontair bheaga agus mheánmhéide agus micrifhiontair. Dá bhrí sin, is dóigh go rachaidh gach ceann de na cineálacha tionchair a thuairiscítear thuas i bhfeidhm ar gach fiontar. Beidh éagsúlacht ann i méid an tionchair, áfach, ag brath ar an dóigh a gcinnfidh na Ballstáit na laghduithe riachtanacha in iascaireacht a leithdháileadh ar chodanna difriúla cabhlaigh.

Ní mheastar go mbeidh tionchar ar bith ann ar **bhuiséid náisiúnta** na mBallstát mar go bhfuil faireachán agus bailiú sonraí ábhartha á ndéanamh cheana féin. Ní bheadh sé riachtanach ach minicíocht na hoibre sin a mhéadú.

Maidir leis an **tionchar suntasach eile**, meastar go mbeidh an earnáil níos iomaíche agus, i dteannta tuarastal feabhsaithe, go mbeidh an earnáil níos tarraingtí mar thoradh ar bhrabúsacht fheabhsaithe na hearnála iascaireachta i Muir Aidriad.

D. Iarobair

Maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar an mbeartas seo, tugtar faoi deara go dtabharfadh an Coimisiún tuairisc do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle ar chur chun feidhme an phlean cúig bliana tar éis theacht i bhfeidhm an phlean agus gach cúig bliana ina dhiaidh sin.